Global Village
Saoránacht Dhomhanda Sa Bhunscoil

# ‘An Lá a Tháinig an Cogadh’

## Lámhleabhar an Oide don Bhunscoil Shóisearach

Global Village: acmhainn deartha ag Ailbhe Joyce




Údar: Nicola Davies, Maisitheoir: Rebecca Cobb

DCU
INTO Irish National Teachers' Organisation Cumann Múinteoirí Éireann
Irish Aid An Roinn Gnóthaí Eachtracha Department of Foreign Affairs
ippn Leading and Learning
Trócaire Together for a just world



**Grúpa ranga:** Bunscoil Shóisearach (Naíonáin – Rang 2)

**Oideachas Saoránachta Domhanda (GCE) téamaí:** Imirce, Cogadh, Coinbhleacht, Uileghabhálacht

**Cuspóir:** An chomhbhá agus an tuiscint a spreagadh i dtaobh na ndaoine a bhíonn ag streachailt leo ag iarraidh éalú ón gcoinbhleacht, agus misneach a thabhairt do chách feidhmiú mar shaoránaigh dhomhanda.

**Naisc le curaclam na Bunscoile:**

| Gníomhaíocht | Creatchuraclam na Bunscoile 2023 Réimse an Churaclaim | Curaclam na Bunscoile 1999 Ábhar | Snáitheanna |
|---|---|---|---|
| 1.1, 1.2, 1.3, 1.4, 1.5, 1.6, 2.2 | Teanga | Gaeilge | Teanga Labhartha, Léamh |
| 2.3 | Oideachas Ealaíon | Amharc-ealaíona | Líníocht |
| 2.4, 2.5 | | Drámaíocht | Iniúchadh a dhéanamh ar mhothúcháin, ar eolas agus ar smaointe, chun an tuiscint a chothú. |
| 2.5 | Folláine | Corpoideachas | Oideachas Faoin Aer, Rince, Gleacaíocht |
| 2.1 | | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte | Mé Féin agus Daoine eile, Mé Féin agus an Domhan Mór |
| 2.1, 2.5 | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | Stair | Scéalta, Athrú, Leanúnachas |
| 2.4 | | Tíreolaíocht | Timpeallacht Daonna |

**Naisc Aistear/Síolta:**

- Aitheantas agus Muintearas

**Nasc le Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe:** Sprioc 16: Síocháin, Cearta agus Institiúidí Láidre. Tá eolas faoi na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGs) ag https://sdgs.un.org/goals.

---

**Fógra Séanta:** Bí feasach ar chás na bhfoghlaimeoirí i do rang, sula ndéantar gníomhaíochtaí na hacmhainne seo. Má tá foghlaimeoirí i do rang atá gan dídean nó ar cuireadh iallach orthu bogadh as baile, nó a bhfuil taithí acu ar theitheadh ón gcoinbhleacht, labhair leo nó lena dtuismitheoirí sula ndéanann tú na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i bhfeidhm.

# Gníomhaíochtaí Molta:

## Gníomhaíocht 1 - Ceisteanna/Plé Réamhléitheoireachta

**1.1** An ndeachaigh tú ar strae riamh? Cad a tharla agus conas mar a mhothaigh tú?

**1.2** Labhair le do pháirtí faoi do theaghlach agus faoi do mhuintir mhuirneach. Conas mar a mhothaíonn tú ina measc? Conas mar a chabhraíonn siad leat?

**1.3** Conas mar a chabhraíonn tusa sa bhaile? Conas mar a chuireann do chabhair le leas na ndaoine eile?

**1.4** Conas mar a ullmhaíonn tú don scoil gach maidin? Conas mar a thaistealaíonn tú ar scoil?

**1.5** Ar tharla nach bhféadfá dul ar scoil lá áirithe? Conas mar a mhothaigh tú dá bharr?

**1.6** Smaoinigh ar dhuine a chabhraigh leat uair. Conas mar a cabhraíodh, agus conas mar a mhothaigh tusa?

Léitear an Scéal Anseo

## Gníomhaíocht 2

**2.1 Teanga (beirteanna):** Is téama ríthábhachtach é 'baile' sa scéal seo. Tabhair cuireadh do na daltaí plé a dhéanamh i mbeirteanna ar an tuiscint atá acu maidir le 'baile'. *(Ceisteanna le cur luaite in Aguisín 1).*

**2.2 Teanga (plé ranga):** Pléigh leis an rang na mothúcháin a bheadh ag na daltaí dá mbeadh orthu:

a. Bogadh chuig baile nua.

b. An áit chónaithe a fhágáil ar feadh i bhfad.

c. Dá mbainfí an áit chónaithe den teaghlach.

*(Ceisteanna le cur luaite in Aguisín 2).*

**2.3 Ealaín (tógáil):** Maidir leis na freagraí a fuarthas ón bplé ag ceist 9, 'Cad iad na rudaí a chruthódh atmaisféar seascair duit sa bhaile?' tugtar cuireadh do na daltaí cur síos a dhéanamh, rud a tharraingt nó rudaí a chruthú a léiríonn an grá atá acu dá dteach féin, (nó don bhaile dúchais). Seans gur réad, duine, boladh nó fiú mothúchán é. Is féidir na daltaí a spreagadh le réad nó grianghraf speisialta a thabhairt isteach ón mbaile a bheadh mar spreagadh don ghníomhaíocht seo. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaí an chéim seo a chur i gcrích ag baint úsáide as smeach-chairteacha/cláir bhána i ngrúpaí beaga. Tar éis na gníomhaíochta ealaíne seo, is féidir cuireadh a thabhairt do na páistí clúideacha a chruthú a mhothaíonn mar bhaile, laistigh den seomra ranga nó in áit faoin aer. Is féidir rudaí speisialta, líníochtaí agus cruthanna na ndaltaí ón ngníomhaíocht ealaíne a leagan amach sna clúideacha éagsúla.



*Íomhá 1: Rudaí suaithinseacha ón mbaile. Foinse [Pinterest]*



*Íomhá 2: Súgradh le carranna beaga. Foinse: [Pinterest]*

**2.4 Drámaíocht (rólimirt):** Ar na leathanaigh 11-12, baineann an cailín úsáid as bealaí éagsúla taistil le héalú ón gcogadh. Le cabhair ón mhúinteoir agus ón leabhar scéalta, cruthaíonn an rang léarscáil de thuras an chailín ar an smeach-chairt. Ag baint úsáide as bréagáin bheaga a bheadh mar fheithiclí domhanda, tabhair cuireadh do na daltaí cinneadh a dhéanamh maidir leis na bréagáin is oiriúnaí a bheadh i gceist le gach aon chéim den turas agus den taisteal a léiriú. Iarr ar na páistí smaoineamh ar na contúirtí agus ar na deacrachtaí a bheadh le sárú ag na dídeanaithe agus iad ag úsáid na modhanna éagsúla iompair. Roinneann na daltaí a gcuid smaointe leis na grúpaí eile. Cad iad na modhanna iompair is fearr don timpeallacht nádúrtha?

**2.5 Stair (seicheamhú):** Déan trí ghrúpa daltaí agus iarr orthu dráma a dhéanamh den scéal (Grúpa 1: lth. 21-22, Grúpa 2: lth. 23-24, Grúpa 3: lth. 25-26). Is féidir an aisteoireacht a dhéanamh i bhfoirm íomhá reoite, rince nó mím/dráma gairid. Is féidir na radhairc a chur le chéile ansin chun seicheamh ranga a dhéanamh. Nuair a chuirtear i láthair an ranga iad, ba chóir na ceisteanna seo a leanas a chur ar gach grúpa: 'Cad a tharla sa radharc seo? Conas a mhothaíonn do charachtar? Cén toradh a bheadh uait don charachtar sin?'

## Acmhainn bhreise do 'An Lá a Tháinig an Cogadh':

1. Leagan Gaeilge – lorg 'An Lá a Tháinig an Cogadh' ar YouTube.
2. Íoslódáil 3-week scheme of work faoi 'An Lá a Tháinig an Cogadh'. (NB: Beidh leasú beag le déanamh air ionas go réiteoidh sé le curaclam na hÉireann).
3. Téigh chuig SDG bookclub website agus is féidir acmhainn a íoslódáil a chabhródh le club leabhar a bhunú sa rang nó sa scoil féin. (m.sh. clárú, meirge, leabharmharc, treoir 'Conas a dhéantar……'). Nóta: Moltar an leabhar 'The Day War Came' i gcatalóg chlub leabhar SDG.

## Naisc don Acmhainn ar mhaithe le húsáideoirí as líne:

| Ceacht | Topaic | Nasc |
|---|---|---|
| Teideal | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGs) | https://sdgs.un.org/goals |
| Acmhainn Bhreise 1 | 'The Day War Came' á léamh os ard | https://www.youtube.com/watch?v=8B6uud-N6zNs |
| Acmhainn Bhreise 2 | 'The Day War Came' scéim trí sheachtaine | https://authorfy.com/wp-content/uploads/2019/02/The-Day-War-Came-KS1-Authorfy-Scheme-of-Work-Compressed.pdf |
| Acmhainn Bhreise 3 | Suíomh Chlub Leabhar SDG | https://www.un.org/sustainabledevelopment/sdgbookclub/#resources |

## Aguisín 1:

**2.1 Obair bheirte/Ceisteanna le cur**

1. Cad é spiorad/boladh/cruth/fuaim do thí féin sa bhaile?
2. Ar leathanach 1 den téacs, tá an teaghlach ag ithe bricfeasta. Cén boladh a bhíonn i do theach féin ag am bricfeasta?
3. Cén cineál torainn a chloiseann tú ag am bricfeasta?
4. Cé a bhíonn sa bhaile ag d'am bricfeasta?
5. Cad atá le sonrú ar an mbord bricfeasta sa scéal a d'fhéadfadh a bheith i do theachsa freisin?
6. Ar bhreathnaigh do theach i gcónaí mar a bhreathnaíonn sé anois?
7. Tar éis leathanach 1 den téacs a phlé, fiafraigh de na páistí, 'Cén fáth go mbainfeadh tábhacht ar leith leis an téarma 'baile' sa scéal seo?'

## Aguisín 2:

**2.2 Ceisteanna le plé sa rang**

1. Conas mar a bhraithfeá dá mbeadh ort dul go teach nua?
2. Déan cur síos ar na mothúcháin a d'fhéadfadh a bheith agat dá mbeadh ort an teach atá agat faoi láthair a fhágáil.
3. Abair roinnt rudaí a chabhródh leat mothú níos fearr a bheith agat ar dhul chuig teach nua.
4. Dá mbeadh ort do theach a fhágáil ar feadh i bhfad, cad is mó a d'aireofá uait?
5. Conas is féidir linn fáilte agus suaimhneas a chur roimh dhaoine má tá siad nua inár rang nó inár scoil?
6. Cad iad na bealaí inar féidir linn a bheith i dteagmháil lenár dteaghlach agus lenár gcairde má bhíonn orainn a bheith as baile ar feadh tamaill?
7. Conas mar a bhraithfeá mura bhféadfá filleadh ar do theach choíche, an dóigh leat?
8. Conas is féidir lenár gcairde agus lenár múinteoirí cabhrú linn má tá brón orainn, nó má bhímid trína chéile toisc gur baineadh an teach dínn?
9. 'Cad iad na rudaí a chruthódh atmaisféar seascair duit sa bhaile? Conas is féidir linn go léir tacú lena chéile agus timpeallacht chomhbhách a chruthú inár seomra ranga, go háirithe má bhíonn athruithe móra ag tarlú sa bhaile?

## Gluais:

| Focal | Míniú |
|---|---|
| Imirce | Daoine ag druidim ó áit áirithe le cur fúthu in áit éagsúil. |
| Dídeanaithe | Daoine a mbíonn orthu an tír dhúchais a fhágáil de bharr cogaidh nó tubaistí nádúrtha, de bharr na géarleanúna agus eile. |
| Tír-raon | Réimse talún: machairí réidhe, sléibhte, foraoisí agus eile san áireamh. |
| Slí | Bealach ar leith le dul ó áit go háit. |

Global Village
Saoránacht Dhomhanda Sa Bhunscoil